



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2022
(OR. en)

14917/22

ENER 606
CLIMA 611
CONSUM 302
TRANS 720
AGRI 643
IND 484
ENV 1177
COMPET 916
FORETS 122

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Samhain 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 639 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil 2022 maidir le Baint Amach na Spriocanna Fuinnimh In-athnuaite le haghaidh 2020

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 639 final.

Faoi iamh: COM(2022) 639 final



An Bhruiséil, 15.11.2022
COM(2022) 639 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil 2022 maidir le Baint Amach na Spriocanna Fuinnimh In-athnuaite le
haghaidh 2020**

1. RÉAMHRÁ

Tá fuinneamh in-athnuaite ina phríomhghné de chomhrac an Aontais i gcoinne dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol mar a léiríodh sa tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh, a foilsíodh an 18 Deireadh Fómhair 2022¹. Faoin gComhaontú Glas na hEorpa², tá straitéis nua molta ag an gCoimisiún Eorpach chun geilleagar agus sochaí an Aontais a athrú ó bhonn agus chun bealach níos inbhuanaithe a réiteach dó. Is le córas comhtháite fuinnimh, bunaithe den chuid is mó ar fhuinneamh in-athnuaite a mbeifear ábalta na huailmhianta méadaithe maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 1990, a bhaint amach agus mbeifear ábalta bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún i mí Iúil 2021 leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (RED II)³ agus an sciar den fhuinneamh in-athnuaite san oll-ídiú deiridh fuinnimh in 2030 a mhéadú go dtí ar a laghad 40%⁴, suas ón uailmhian 32% ar a laghad a leagtar síos in RED II.

Tar éis ionsaí míleata gan chúis agus údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d'fhoilsigh an tAontas a Phlean REPowerEU⁵ d'fhonn spleáchas AE ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go tapa. Moltar sa Phlean REPowerEU sraith bhreise beart chun fuinneamh a shábháil, soláthairtí a éagsúlú, agus breoslaí iontaise a ionadú go tapa trí luas a chur le haistriú na hEorpa chuig fuinneamh glan. Chun an Plean REPowerEU a sheachadadh, beidh sé riachtanach úsáid fuinnimh in-athnuaite a luathú agus a chur chun tosaigh agus próisis thionsclaíocha a athrú chun gás, ola agus gual a athsholáthar. Mar chuid de Phlean REPowerEU, thíolaic an Coimisiún togra nua chun RED II⁶ a leasú. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sprioc fuinnimh in-athnuaite 2030 a ardú go 45% ar a laghad. Trí na nósanna imeachta riaracháin maidir le ceadanna a dheonú, le pleanáil straitéiseach arna déanamh ag na Ballstáit a shimpliú tuilleadh agus a ghiorrú agus trí thionscadail a chothú i réimsí atá oiriúnach go háirithe chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid, tá sé mar aidhm leis an togra a áirithiú go gcuirfear tionscadail fuinnimh in-athnuaite i bhfeidhm ar bhonn céimneach níos tapúla.

Dá bhrí sin tá fuinneamh in-athnuaite ríthábhachtach chun spriocanna aeráide, cinnteacht an tsoláthair agus neamhspleáchas ó allmhairí fuinnimh na Rúise a bhaint amach.

Tógann creat 2030 chun tacú le foinsí in-athnuaite ar an dul chun cinn atá déanta faoi Threoir 2009/28/CE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (RED I)⁷, a bhí i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2021. Faoi RED I, bhí ar na Ballstáit spriocanna náisiúnta aonair a bhaint amach do 2020, a bhí comhsheasmhach le sprioc fuinnimh in-athnuaite uile-

¹ COM(2022) 547 final.

² COM(2019) 640 final.

³ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

⁴ COM(2021) 557 final.

⁵ COM(2022) 230 final.

⁶ COM(2022) 222 final.

⁷ Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 140, 5.6.2009, lch. 16.

Aontais de 20% ar a laghad. De réir mar a éilítear le hAirteagal 27 den Rialachán Rialachais (AE) 2018/1999⁸, bhí ar na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún ar bhaint amach a spriocanna náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite do 2020 faoin 30 Aibreán 2022.

Déantar achoimre agus anailís sa doiciméad seo ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil ina dtuarascálacha⁹, arna comhlánú leis na sonraí ó Eurostat agus leis an litríocht eolaíoch atá ar fáil.

Tá cúig chaibidil i dtuarascáil an Choimisiúin. Tar éis an tabhairt isteach, cuirtear measúnú foriomlán ar fáil ar leibhéal AE ar an dul chun cinn maidir le fuinneamh in-athnuaite a úsáid ar fáil i gCaibidil 2. Déantar scrúdú i gCaibidil 3 ar na torthaí roimhe seo i bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19. I gCaibidil 4 cuirtear isteach anailís níos mionsonraithe ar thorthaí sna Ballstáit aonair, lena n-áirítear samplaí dea-chleachtais. I gCaibidil 5 tugtar na conclúidí.

2. DUL CHUN CINN AN AONTAIS MAIDIR LE FUINNEAMH IN-ATHNUAITE A ÚSÁID


In 2020, **bhain an tAontas sciar 22.1% d'fhuinneamh in-athnuaite amach san oll-ídiú deiridh fuinnimh, agus dá bhrí sin bhí sé níos mó ná an sciar 20% atá dírithe ar faoi RED I.** Ar an meán, tá an sciar iomlán d'fhuinneamh in-athnuaite méadaithe 0.8 pointe céatadán in aghaidh na bliana ó 2011, agus méadú i bhfad níos láidre de 2.2 pointe céatadán idir 2019 agus 2020. Ina theannta sin, **sna hearnálacha aonair – leictreachas**, téamh agus fuarú, agus iompar – tá méadú leanúnach tagtha ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite le deich mbliana anuas.

Ba é an sciar coibhneasta d'fhoinsí in-athnuaite an ceann ba mhó san **earnáil leictreachais (FIF-L)** le ranníocaíocht 37.5% in 2020. Tháinig méadú mór ar an earnáil de 2 phointe céatadán ó 2018 go 2019 agus 3.4% ó 2019 go 2020. Shroich sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh san **earnáil téimh agus fuaraithe (FIF-T&F)** 23.1% in 2020 agus, dá bhrí sin, tá méadú 5.7 pointe céatadán tagtha air le deich mbliana anuas. Maidir leis an **earnáil iompair (FIF-I)**, shroich na scaireanna 10.2% in 2020; ar an iomlán, ní raibh an fhorbairt chomh dinimiciúil agus bhí sé níos moille.

⁸ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

⁹ Is é príomhrannpháirtí na tuarascála seo a leanas ar chúnaimh teicniúil 'Measúnú ar thuarascálacha na mBallstát don bhliain 2020 [DOI 10.2833/12592] le Guidehouse Germany GmbH a foilsíodh an 7 Deireadh Fómhair 2022. Tá an staidéar ar conradh ag an gCoimisiún Eorpach.


Fíor 1. Scaireanna FIF AE-27 2011-2020 (%). Foinse: SCIARTHA Eurostat.



Tá an bithfhuinneamh fós ar an bpríomhfhoinsé fhuinnimh in-athnuaite san Aontas, agus sciar 58.1% den iomlán aige in 2020. Leanann cumhacht ghaoithe le 14.3%, hidreachumhacht le 12.4%, fuinneamh na gréine (6.9%), teas comhthimpeallach (5.5%) agus fuinneamh geoiteirmeach (2.9%).

Maidir le bithfhuinneamh, is iad bithbhreoslaí soladacha, 69.5%, an sciar is mó. Is iad na cineálacha eile bithfhuinnimh bithbhreoslaí leachtacha (12.9%), bithghás (10.6%), an sciar in-athnuaite de dhramhaíl chathrach (6.9%) agus gualch (0.2%).


Fíor 2. Oll-idiú fuinnimh in-athnuaite AE de réir cineáil (2020, % agus Mtoe). Foinse: Eurostat.



Earnáil FIF-L

Idir 2011 agus 2020, tháinig méadú leanúnach ar sciar na dteicneolaíochtaí FIF sa ghiniúint leictreachais iomlán. In 2020, den chéad uair, bhain an sciar is mó de theicneolaíochtaí FIF-L le fuinneamh gaoithe ar talamh lenar táirgeadh 350 TWh in 2020, agus ina dhiaidh sin 345 TWh leis an hidreachumhacht, grianfhuinneamh fótavoltach (PV) le 139 TWh, bithmhais sholadach le 83 TWh, bithghás le 56 TWh, gaoth amach ón gcósta le 47 TWh. Bhí ról bheaga ag leictreachas geoiteirmeach (6 TWh), teirmeach gréine (5 TWh) agus bithleachtanna (5 TWh) sa mheascán FIF-L.

Freagraíonn an **toilleadh giniúna suiteáilte FIF-L** a breathnaíodh in 2020 do na torthaí a thaispeántar do tháirgeadh FIF-L thuas. In 2020, ba é an teicneolaíocht leis an gcumas suiteáilte is airde an gaoth ar an gcladach le 162.5 GW agus méadú suntasach ó 2019 go 2020 de 7.4 GW curtha leis. Bhí an dara toilleadh giniúna is mó ag hidreachumhacht (150.8 GW), áfach, níor tháinig aon athrú ar a chumas suiteáilte iomlán, le méadú de 6.5 GW le 10 mbliana anuas. Tar éis an hidreachumhachta tagann PV gréine a mhéadaigh ó 117.9 GW in 2019 go 135.7 GW in 2020 (+17.7 GW). Mhéadaigh gaoth amach ón gcósta ó 12 GW in 2019 go 14.5 GW in 2020. Bhí sciar réasúnta níos lú de chumas giniúna FIF-L ag Bithmhais (15.6 GW), Bithghás (11.7 GW), Bithleachtanna (1.2 GW) agus Geoiteirmeach (0.9 GW) in 2020.



Éascaíodh forbairt FIF-L níos gasta i gcomparáid le FIL-T agus FIF-H&C trí chostais teicneolaíochta a laghdú le himeacht ama.

Go sonrach, in **earnáil na Gaoithe ar an gCladach**, tá laghdú tagtha le deich mbliana anuas ar chostais fhoriomlána suiteála, oibríochta agus cothabhála chomh maith le Costais Leibhéalaithe Leictreachais (LCOE) mar gheall ar bharrainneachtaí scála, iomaíocht níos mó, agus an aibiú an tionscail. Idir 2010 agus 2020, tháinig laghdú 54% ar an meán-LCOE ualaithe domhanda ó USD 0.089/kWh go USD 0.041/kWh. Ina theannta sin, tá dul chun cinn suntasach déanta ar theicneolaíocht tuirbíní gaoithe ar an gcladach le blianta beaga anuas. Chuir tosca ar nós airde moil méadaithe, trastomhais rótair níos mó, agus tuirbíní níos mó agus níos iontaofa go léir cumas méadaithe chun cinn.

San **Earnáil Gaoithe Eischósta**, tháinig laghdú 48% ar an LCOE meán ualaithe domhanda idir 2010 agus 2020, ó USD 0.162 go USD 0.084/kWh, le laghdú 9% bliain ar bhliain in 2020. Ba iad feabhsuithe teicneolaíochta chomh maith le tosca a bhaineann leis an tionscal a spreag na laghduithe sin, mar shampla taithí forbróirí atá ag dul i méid agus caighdeánú táirgeachta níos fearr.

Is féidir laghduithe suntasacha costais a fheiceáil san **earnáil PV Gréine** freisin. Idir 2010 agus 2020, tháinig laghdú 85% ar an meán-LCOE ualaithe domhanda de ghléasraí PV ar scála fóntais ó USD 0.381/kWh go USD 0.057/kWh. Ag an am céanna, tá an táirgeadh á leathnú agus á bharrfheabshú go leanúnach, agus ar an iomlán, méadaíodh éifeachtacht na modúl.

Earnáil FIF-T&F


Tríd is tríd, tá méadú seasta ar ídiú fuinnimh in-athnuaite san earnáil FIL- H&C deich mbliana anuas¹⁰. In 2020, shroich tomhaltas FIF-T&F ar leibhéal AE 100,561 ktoe. Ba é bithmhais sholadach an cuiditheoir fuinnimh in-athnuaite is mó don earnáil le 79 151 ktoe. Bhí ídiú fuinnimh ó teaschaidéil ag 13 316 ktoe, bithghás ag 4 055 ktoe, téamh teirmeach gréine ag 2 503 ktoe, bithleachtanna ag 669 ktoe agus téamh geoiteirmeach ag 867 ktoe.

I gcomparáid le 2004 (11.7%), tá méadú faoi dhó beagnach tagtha ar sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite sa téamh agus sa fhuarú san Aontas Eorpach. Is féidir an leathnú sin a chur i leith riachtanais téimh níos ísle, ach go háirithe an méadú ar theas in-athnuaite ó chaidéil teasa. Deimhníodh le sonraí an mhargaidh caidéil teasa ar fud an Aontais Eorpaigh don bhliain 2020 á úsáid mhéadaithe sa deighleog teasa agus fuaraithe, arna spreagadh go páirteach ag beartais i roinnt tíortha atá fabhrach do riachtanais teasa leictirithe (e.g. an Fhrainc, an Fhionlainn, an tSualainn) agus an méadú ar riachtanais fuaraithe an tsamhraidh do réimse na gcaidéal teasa inchúlaithe sa mhodh fuaraithe. Chuir earnálacha eile seachas caidéil teasa leis an méadú ar ídiú iomlán teasa in-athnuaite – bithghás, dramhaíl chathrach in-athnuaite, fuinneamh na gréine agus bithleachtanna. Idir 2019 agus 2020, d'oibrigh an dáileadh idir na hearnálacha teasa in-athnuaite éagsúla chun aimhleasa bithbhreosla sholadaigh (ó 76.3 go 75 %) agus chun leas na gcaidéal teasa (ó 11.8 go 12.7 %). D'ardaigh an sciar bithgháis ó 3.6 go 3.9%, an sciar dramhaíola

¹⁰ Ós rud é gur glacadh an Gníomh Tarmilgthe lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun fuarú in-athnuaite a ríomh an 14 Nollaig 2021, níl rannchuidiú ó fhuarú in-athnuaite san áireamh go fóill sna scaireanna teasa agus fuaraithe in-athnuaite do 2020.

cathrach in-athnuaithe ó 3.7 go 3.8%, an sciar gréine ó 2.3 go 2.4%, bhí an fuinneamh geoteirmeach fós ag 0.8% agus d'ardaigh an sciar bithleachtanna ó 1 go 1.1%¹¹.

Fíor 4. Táirgeadh an téimh agus an fhuaraithe ó theicneolaíochtaí FIF-H&C in AE-27 maidir le 2011-2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat.




Earnáil FIL-T

Tríd is tríd, tá méadú seasta ar ídiú fuinnimh in-athnuaithe san earnáil FIL-T le deich mbliana anuas. Tháinig meath ar ídiú bithdhíosail agus bitheatánóil idir 2014 agus 2016 ach tá sé ag méadú ó shin i leith. Mar gheall ar an rannchuidiú ard bithdhíosail agus bitheatánóil leis an earnáil FIL-I, tá fás ar thomhaltas bithbhreosla san iomlán ó 2016 mar thoradh ar fhorbairt na mbithbhreoslaí sin. Ba é an breosla is mó a úsáideadh thar an tréimhse iomlán ná bithdhíosail, agus ba é an cuiditheoir is mó le FIL-T in 2020, le 13,164 ktOE. Tá méadú suntasach tagtha ar úsáid leictreachais in-athnuaithe le haghaidh iompair le 10 mbliana anuas. Tháinig méadú thar a bheith mór ar an earnáil iompair de bhóthar a d'aistrigh ó 10 ktOE in 2011 go 112 ktOE in 2020. Mar sin féin, i gcomparáid leis na modhanna iompair eile, go háirithe iompar iarnróid, is beag an méid a chuireann an leictreachas le hiompar de bhóthar fós. Tá ídiú bithbhreoslaí bia agus barra beathaithe ina sciar mór fós den ídiú fuinnimh in-athnuaithe san iompar (10 808 ktOE nó 4.5% den ídiú fuinnimh iompair in 2020) agus bhí ídiú ard-bhithbhreoslaí níos ísle ach méadú suntasach le blianta beaga anuas (1,224 ktOE in 2020).

¹¹ <https://www.eurobserv-er.org/category/all-annual-overview-barometers/>.

Fíor 5. Ídiú fuinnimh san iompar (FIF-T) in AE-27 do 2011-2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat.



3. ÉIFEACHTAÍ COVID-19

Bhí tionchar freisin ar an sciar den fhuinneamh in-athnuaite de 22.1% san Aontas ina iomláine ag ídiú foriomlán fuinnimh níos ísle mar gheall ar **phaindéim COVID-19**. Bhí **tionchar mór aige ar an leibhéal éilimh fuinnimh** sna Ballstáit, agus tosca eile á gcur san áireamh freisin, amhail luaineachtaí san aimsir agus cur chun feidhme beartas éifeachtúlachta fuinnimh a bhféadfadh ról a bheith acu freisin i laghdú an oll-ídithe iomláin deiridh in aon bhliain ar leith. San Aontas Eorpach ar fad, **tháinig laghdú 8% ar an ídiú fuinnimh deiridh i gcomparáid le 2019**. Bhí éagsúlacht sa laghdú idir Ballstáit ina raibh an laghdú arbh airde ar an ídiú i Lucsamburg (-13.7%) agus sa Spáinn (-12.3%), ach níor tháinig ach laghdú beag sa tSualainn (-2.4%) agus sa Rómáin (-1.4%).

Ar thaobh **an tsoláthair**, i dtéarmaí ginearálta, ní raibh an oiread sin tionchair ar ghiniúint FIF ná ar fhoinsí fuinnimh eile. D'fhéadfadh gléasraí cumhachta a oibríonn ar ghrianchumhacht, ar ghaoth agus ar hidreachumhacht íon a gcuid oibríochtaí a rith toisc go mbraitheann a gcumas leictreachas a ghiniúint ar an aimsir agus ní ar éileamh. Mar an gcéanna, ba chosúil gur bheag an tionchar a bhí ar tháirgeadh leictreachais ó FIF inseolta cosúil le bithmhais ós rud é go bhfuil a n-oibríocht á cur chun cinn go príomha ag tacaíocht FIF (nach raibh tionchar ag paindéim COVID-19 uirthi go ginearálta). Maidir le bithbhreoslaí iompair nó bithmhais a úsáidtear chun críocha téimh, áfach, bhí tionchair infheicthe ag an ngéarchéim a bhaineann le héileamh níos ísle¹².

¹² Klessmann, C., Sach, T., Grigiene, M., et al., Cúnamh teicniúil chun an 5ú tuarascáil ar dhul chun cinn an fhuinnimh in-athnuaite a chur i gcrích i dtuarascáil nuashonraithe deiridh AE. Tasc 1 & 2, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

Aistríodh na tosca seo go **haistriú i dtreo sciar níos airde de ghiniúint FIF sa mheascán cumhachta**¹³, rud nach raibh ach i bpáirt mar gheall ar an **acmhainn nua iarbhír atá suiteáilte**. Tríd is tríd, **is féidir teacht ar an gconclúid gurbh** fhusa do na Ballstáit an sprioc a bhaint amach de bharr ídiú fuinnimh níos ísle.

4. MEASÚNUITHE MIONSONRAITHE AR DHUL CHUN CINN NA MBALLSTÁT


4.1. Scaireanna foriomlána fuinnimh in-athnuaite in aghaidh an Bhallstáit

Tá éagsúlacht mhór idir na scaireanna fuinnimh in-athnuaite in 2020 ar fud na mBallstát, rud a léiríonn na staideanna tosaigh agus na spriocanna náisiúnta éagsúla a leagadh síos do gach Ballstát in RED I. Bhain an tSualainn an sciar fuinnimh in-athnuaite ab airde amach in 2020 (60.1%), agus an Fhionlainn ina dhiaidh sin (43.8%) agus an Laitvia (42.1%). Chonacthas na scaireanna fuinnimh in-athnuaite ab ísle i Málta (10.7%) agus i Lucsamburg (11.7%). In ainneoin a sciar iomlán íseal d'fhuinneamh in-athnuaite, mhéadaigh Málta agus Lucsamburg a sciartha fuinnimh in-athnuaite ó 2019 go 2020 faoi +2.5 pointe céatadáin agus +4.7 pointe céatadáin, faoi seach (lena n-áirítear aistrithe staidrimh).

Ag cur san áireamh an úsáid náisiúnta agus aistrithe staidrimh dá dtugtar fógra faoi láthair, bhain gach Ballstát seachas an Fhrainc sciar a bhí comhionann le, nó níos airde ná, a sprioc cheangailteach um fhuinneamh in-athnuaite 2020 faoi RED I. Sháraigh roinnt Ballstát a spriocanna go mór; Bhí an tSualainn 11.1 faoin gcéad os cionn a sprice, an Bhulgáir 7.3 pointe céatadáin, agus an Fhionlainn 5.8 pointe céatadáin.

Fíor 6. Sciartha foriomlána FIF le haistrithe staidrimh agus gan iad i gcomparáid le spriocanna FIF 2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat; An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.


¹³ EIA, tuarascáil ar thionchar Covid-19 ar leictreachas, 2021, [Tionchar Covid-19 ar leictreachas - Anailís - IEA](#).



4.2. Dul chun cinn sna hearnálacha aonair: leictreachas, téamh agus fuarú agus iompar


San **earnáil FIF-L**, bhí an sciar is airde FIL-L ag an Ostair in 2020 le sciar 78.8%, agus an tSualainn (74.5%) agus an Danmhaig (65.3%) ina dhiaidh sin. Bhí an sciar FIL-L is ísle de na Ballstáit uile in 2020 ag Málta (9.5%), ag an Ungáir (11.9%) agus ag an gCipir (12.4%).

Fíor 7. Sciar FIF-L in aghaidh an Bhallstáit in 2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat.



San **earnáil Téimh agus Fuaraithe**, bhí an sciar ab airde d'fhuinneamh in-athnuaite ag an tSualainn (66.4%) in 2020, agus ina dhiaidh sin bhí an Eastóin (58.8%), an Fhionlainn (57.6%) agus an Laitvia (57.1%). I gcodarsnacht leis sin, bhí an sciar fuinnimh in-athnuaite ab ísle i dTéamh agus Fuarú in Éirinn (6.3%), san Ísiltír (8.1%) agus sa Bheilg (8.4%).

Fíor 8. Sciar FIF-T&F in aghaidh an Bhallstáit in 2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat.



San **earnáil iompair**, is féidir na scaireanna ab airde a fheiceáil sa tSualainn, áit a raibh sciar FIL-I ag 31.9%, agus an Fhionlainn (13.4%), an Ísiltír agus Lucsamburg (12.6%) ina dhiaidh sin. I measc na mBallstát ar fad, léirigh an Ghréig (5.3%), an Liotuáin (5.5%), an Pholainn agus an Ungáir (6.6%) an sciar FIL-I is ísle in 2020.

Fíor 9. Sciar fuinnimh in-athnuaite san iompar in AE-27 do 2011-2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat.



4.3. Comhar trasteorann agus úsáid sásraí comhair

Foráiltear le RED I ceithre chineál éagsúla sásraí comhair: aistrithe staidrimh, tionscadail chomhphárteacha idir na Ballstáit, tionscadail chomhphárteacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha agus scéimeanna comhphárteacha tacaíochta. As na meicníochtaí sin, bhain na Ballstáit an úsáid ba dhéine as na haistrithe staidrimh¹⁴. Ghlac an Liotuáin, Lucsamburg, an Eastóin, an Bheilg, an Fhionlainn, Poblacht na Seice, an tSlóivéin, Málta, an Ísiltír agus Éire páirt i gcomhaontuithe aistrithe staidrimh a tháinig i bhfeidhm in 2020; bhain cuid de na Ballstáit rannphárteacha a sprioc ceangailteach um fhuinneamh in-athnuaite amach le haghaidh 2020 mar thoradh ar aistrithe staidrimh. Tá forbhreathnú ar na haistrithe staidrimh agus ar a gcainníochtaí léirithe thíos.

Fíor 10. Aistrithe staidrimh a tháinig i bhfeidhm in 2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat.

An Ballstát – Díoltóir	Ballstát – Ceannaitheoir	Méid staidrimh FIF (GWh)
An Liotuáin	Lucsamburg	250
An Eastóin	Lucsamburg	400
An Danmhairg	An Bheilg	1800
An Fhionlainn	An Bheilg (Flóndras)	250
Poblacht na Seice	An tSlóivéin	465
An Fhionlainn	An Bheilg (Flóndras)	20
An Liotuáin	An Bheilg (Príomhchathair na Bruiséile)	152
An Fhionlainn	An Bheilg (Flóndras)	1650
An Eastóin	Málta	20
An Danmhairg	An Ísiltír	13650
An Eastóin	Éire	2500
An Danmhairg	Éire	1000

Níor úsáideadh na sásraí comhair eile den chuid ba mhó, trínar lean na scéimeanna comhphárteacha tacaíochta atá bunaithe cheana féin idir an Ghearmáin agus an Danmhairg agus an tSualainn agus an Iorua le torthaí a bhaint amach¹⁵. Mar sin féin, táthar ag súil go dtabharfar tuilleadh dreasachtaí don chomhoibriú trasteorann i bhfoirm tionscadail chomhphárteacha tar éis chur chun feidhme na n-ionstraimí nua a bhunaítear ar leibhéal AE, go háirithe an Sásra

¹⁴ Tá staidéar ar an sásra comhair agus a gcur chun feidhme le fáil ag: https://energy.ec.europa.eu/cooperation-between-eu-countries-under-res-directive-0_ga

¹⁵ Le haghaidh 2020, ba é an toradh a bhí ar na scéimeanna comhphárteacha tacaíochta aistrithe staidrimh 50.84 GWh ón Danmhairg go dtí an Ghearmáin agus 2644 GWh ón tSualainn go dtí an Iorua.

Maoinithe don Fhuinneamh In-athnuaite¹⁶ agus tréimhse fuinnimh in-athnuaite na Saoráide um Chónascadh na hEorpa¹⁷.

4.4. Bearta arna nglacadh chun spriocanna náisiúnta in-athnuaite 2020 a bhaint amach¹⁸

Mar a leagadh amach faoi Airteagal 27(b) Rialachán Rialachais (AE) 2018/1999, ceanglaíodh ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar go sonrach maidir le bearta a glacadh chun spriocanna náisiúnta fuinnimh in-athnuaite 2020 a bhaint amach, lena n-áirítear maidir le bearta **scéime tacaíochta, ráthaíochtaí tionscnaimh (GO), agus simpliú na nósanna imeachta riaracháin.**

4.4.1. Bearta um scéim tacaíochta

Earnáil na FIF-L

San **earnáil FIF-L**, cuireadh teaglamaí éagsúla scéimeanna tacaíochta chun feidhme sna Ballstáit de réir a dtuarascálacha le blianta beaga anuas. I measc na scéimeanna tacaíochta a úsáideadh chun tacú le giniúint FIF-L, bhí **préimheanna dreasachta (FIP)**¹⁹, **a cuireadh le chéile go minic le córais cheantála**, córais chuóta, dreasachtaí cánach, glanmhéadrú, fóirdheontais, iasachtaí, agus taraifí ionfhotha, baineadh úsáid astu freisin chun tacú le giniúint FIF-L. Cé go bhfuil difríocht idir na scéimeanna tacaíochta a chuirtear ar fáil in aghaidh an Bhallstáit, tá ar a laghad dhá scéim tacaíochta ag beagnach gach Ballstát a thugann tacaíocht shonrach do theicneolaíochtaí, méideanna gléasraí agus gníomhaithe éagsúla.

¹⁶ https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/financing/eu-renewable-energy-financing-mechanism_ga.

¹⁷ https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/financing/financing-cross-border-cooperation_ga.

¹⁸ Bunaithe ar an 'Measúnú ar thuarascálacha na mBallstát don bhliain 2020', lena n-áirítear tuarascálacha na mBallstát a cuireadh isteach chomh maith le tuarascálacha ón tionscadal roimhe seo 'Cúnamh teicniúil i réadú na 5^ú tuarascála ar dhul chun cinn an fhuinnimh in-athnuaite san Aontas', an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh, Horváth, G., Schöniger, F., Zübel, K. et al., Cúnamh teicniúil i réadú an 5^ú tuarascála ar dhul chun cinn an fhuinnimh in-athnuaite san Aontas: tasc 1-2 : tuarascáil deiridh, Oifig na bhFoilseacháine, 2020, <https://data.europa.eu/doi/10.2833/325152>.

¹⁹ In FIP, díoltar fuinneamh in-athnuaite ar an spotmhargadh leictreachais agus faigheann táirgeoirí íocaíocht de bhreis ar phraghas an mhargaidh (foinse: [Préimheanna Dreasachta \(FIP\) - energypedia](#)). Cé go bhfuil an phréimh faighte faoi FIP seasta neamhspleách ar phraghas an mhargaidh agus mar sin fanann sí seasmhach, íocann scéimeanna FIP aistritheach préimheanna éagsúla ag brath ar fhorbairt an phraghais mhargaidh, arna ríomh bunaithe ar an difríocht idir praghsanna margaidh agus praghas tagartha leictreachais (foinse: [Préimheanna Dreasachta \(FIP\) - energypedia](#)). Má leithdháiltear an FIP aistritheach trí cheant, tairgeann tionscadail ar leibhéal iomlán luach saothair (€/kWh) agus socraítear an phréimh ex-post, bunaithe ar na praghsanna tagartha leictreachais (foinse: [FIP, seasta nó aistritheach - Aures II \(aures2project.eu\)](#)). Is cás speisialta é Conradh Difríochta (DfDs) de FIP aistritheach, ina n-íoctar imeachtaí dearfacha agus diúltacha ó phraghas tagartha seasta. Tugann sé teideal don tairbhí íocaíocht atá comhionann leis an difríocht idir praghas seasta 'ceangail' agus praghas tagartha – amhail praghas margaidh, in aghaidh an aonaid aschuir (COM (2022/C 80/01); foinse: Cad is conradh difríochta ann? ([next-kraftwerke.com](#))).

Is treocht ghinearálta é an t-**aistriú ó tharaifí ar sholáthar leictreachais a shocraítear ó thaobh riaracháin de (FIT) i dtreo scéimeanna préimhe ar sholáthar leictreachais** lena n-éascaítear comhtháthú níos airde ar an margadh i leith foinsí in-athnuaite. Ina theannta sin, cuirtear tacaíocht ar fáil níos minice tar éis ceantanna iomaíocha. Tá ceantanna do thacaíocht FIF-L curtha i bhfeidhm ag 19 mBallstát go dtí 2020. Lean an treocht seo ar aghaidh i ndiaidh 2020 freisin: Sheol an Bheilg (2021) agus an Rómáin (2022) ceantanna le haghaidh tionscadail ghaoithe agus ghréine agus tá 4 Bhallstát eile ag smaoiniamh ar cheantanna a thabhairt isteach le haghaidh tacaíochta FIF-L²⁰.

Chomh maith le FITanna agus FIPanna, chuir gach Ballstát (seachas an Laitvia) **bearta foscacha comhlántacha chun feidhme**, lena n-áirítear fóirdheontais, iasachtaí, agus creidmheasanna/díolúintí cánach, chun úsáid teicneolaíochtaí FIF a spreagadh. Chuimsigh na bearta foscacha seo ó fhóirdheontais infheistíochta go cláir iasachta do stáisiúin chumhachta RE. Dhírigh formhór na mbearta foscacha ar theicneolaíocht shonrach, e.g. Clár maoinithe tacaíochta na Gearmáine d'fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta ar cuireadh tús leis cheana in 2011, nó an scéim deontais chun córais PV glanmhéadraithe a shuiteáil i bhfoirgnimh chónaithe sa Chipir.

Ina theannta sin, in 2020, thacaigh na Ballstáit le húsáid córas FIF-L **ar scála níos lú i dtithe agus i bpobail**. Mar shampla, i mbliana, bhí glanscéimeanna tacaíochta méadraithe i bhfeidhm ag an mBeilg, an Danmhairg, an Liotuáin, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Ghréig, an Iodáil, an Chipir agus an Laitvia do thionscnóirí.

Thug roinnt Ballstát **scéimeanna tacaíochta nua FIF-L isteach in 2020**: Mar shampla, rinne an Phortaingéil ceant le haghaidh stóráil PV agus PV breise chun préimh dhreasachta agus deontais infheistíochta a leithdháileadh. Chríochnaigh Málta scéim iomaíoch tairiscintí le haghaidh taraifí ar sholáthar leictreachais do shuiteálacha FIF idir 400kWp agus níos lú ná 1,000kWp. Tá creat dlíthiúil curtha i bhfeidhm ag an Iodáil le haghaidh pobail fuinnimh agus féintomhaltóirí comhchoiteanna trínar féidir le húsáideoirí deiridh/táirgeoirí teacht le chéile chun leictreachas a ghintear go háitiúil a roinnt.

Earnáil FIL-T

San earnáil FIF-I, is é an treocht is suntasaí in 2020 ná cur chun feidhme a bhí ag méadú maidir le **scéimeanna tacaíochta fiosaí** a dhíríonn ar ghlacadh feithiclí leictreacha nó plugáilte isteach go díreach, e.g. trí dhíolúintí cánach, fóirdheontais dhíreacha nó bónais chun feithiclí leictreacha a cheannach, nó tacú le forbairt bonneagair luchtaithe.

In 2020, thug an Ghréig, an Ísiltír, an Spáinn agus an Ungáir scéimeanna tacaíochta isteach a chuireann chun cinn leictrea-shoghluaisteacht, go príomha trí fhóirdheontais a thairiscint chun feithiclí leictreacha a cheannach. Chuir an Spáinn clár tacaíochta i bhfeidhm ar a dtugtar MOVES II lena n-áirítear tacaíocht chun ceannach feithiclí leictreacha agus suiteáil bonneagair luchtaithe a spreagadh. Soláthraíonn scéim fóirdheontais SPP a tugadh isteach san Ísiltír roghanna fóirdheontais do thomhaltóirí ar mian leo gluaisteáin lán-leictreacha a cheannach le

²⁰ <https://taiyangnews.info/tenders/romanias-950-mw-renewables-tender/>.

haghaidh úsáid phríobháideach. Sheol an Ungáir córas tairisceana le haghaidh feithiclí leictreacha inar féidir le daoine aonair agus le cuideachtaí iarratas a dhéanamh ar leibhéal éagsúla tacaíochta chun feithicil leictreacha a cheannach. Thug an Ghréig dlí isteach lena bhforáiltear do dhreasachtaí cánach chun ceannach feithicil leictreacha a chur chun cinn.

Seachas an tacaíocht atá ag méadú d'fheithicil leictreacha agus soghluaisteacht inbhuanaithe, leanann an scéim tacaíochta is mó le haghaidh FIL-I san Aontas de bheith ina hoibleagáid chuóta **le haghaidh breoslaí in-athnuaite**. In 2020 úsáideann gach tír san Aontas scéim oibleagáide, cuóta go príomha, mar phríomhscéim tacaíochta chun sciar FIF-I a mhéadú. Cé go bhfuil éagsúlacht mhionsonraithe sna scéimeanna cuóta, éilítear leo ar fad ar sholáthróirí breosla cion áirithe de bhreoslaí in-athnuaite a sholáthar nó breoslaí in-athnuaite a úsáid chun meándéine astaíochtaí gás ceaptha teasa breoslaí iompair a laghdú. Is gnách go méadaítear na scaireanna riachtanacha bliain i ndiaidh bliana, agus díreítear go minic ar sciar 10% faoi 2020.

Earnáil FIF-T&F

Ar an iomlán, tá níos lú scéimeanna tacaíochta curtha i bhfeidhm san earnáil FIF-S&C ná san earnáil FIF-L. Tá tacaíocht na mBallstát dírithe go príomha ar thacaíocht infheistíochta, trí fhóirdheontais nó trí iasachtaí. In 2020, chuir 22 Bhallstát tacaíocht infheistíochta ar fáil i bhfoirm fóirdheontas, d'úsáid 12 Bhallstát iasachtaí (i dteannta le fóirdheontais nó in ionad fóirdheontas) chun tacú le húsáid teicneolaíochtaí FIF-T&F.

Go ginearálta baineann na hionstraimí tacaíochta atá ann cheana le raon leathan teicneolaíochtaí, ach téann an chuid is mó de thacaíocht le táirgeadh teasa ó bhithmhais. I measc na dteicneolaíochtaí eile a dtugtar tacaíocht dóibh go coitianta tá caidéal teasa geoiteirmeacha, aeriteirmeacha agus hidreaiteirmeacha, chomh maith le córais theirmeacha gréine. I dteannta le glacadh teicneolaíochtaí FIF-T&F a chur chun cinn, díríonn scéimeanna tacaíochta na mBallstát freisin ar chaomhnú fuinnimh agus ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh.


In 2020, thug roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Ungáir, an Ísiltír, an Danmhairg, an Fhionlainn agus roinnt réigiún san Ostair, scéimeanna tacaíochta FIF-T&F nua isteach, ag díriú go príomha ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe a fheabhsú agus teaschaidéil a shuiteáil.

4.4.2. Ráthaíochtaí Bunús

De réir mar a shonraítear leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a Athmhúnlú (Treoir (AE) 2018/2001) (RED II), tá sé d'aidhm le Ráthaíochtaí Tionscnaimh (GOanna) sciar nó cainníocht an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a thaispeáint do thomhaltóirí deiridh ar bhonn socraithe i meascán fuinnimh an tsoláthraí agus san fhuinneamh a sholáthraítear do thomhaltóirí faoi chonarthaí. Áiríteoidh na Ballstáit gur féidir tionscnamh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a ráthú amhlaidh de réir bhrí na Treorach, i gcomhréir le critéir atá oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdheallaitheach.

Tríd is tríd, tá líon na GOnna a eisiódh ag méadú go seasta ó 2011²¹ i leith. Léirigh roinnt Ballstát fás níos tapúla ar GOnna, mar shampla, chuaigh an Spáinn ó sciar 3%-s de na GOnna iomlána a eisiódh in AE-27 in 2011 go 17% in 2020. D'fhás an Ostair, ó 2% in 2011 go 9% in 2020, agus bhog an Fhrainc ó 7% go 12% in 2020.

Fíor 11. Deimhnithe GO a eisiúint go bliantúil de réir tíre. Foinse: Staidreamh AIB²².



Forordaítear ina theannta sin le hAirteagal 19 de RED II go n-áiritheoidh na Ballstáit, nuair a fhaigheann táirgeoir tacaíocht airgeadais ó scéim tacaíochta, go gcuirfear margadhluach na ráthaíochta tionscnaimh don táirgeadh céanna san áireamh go hiomchuí sa scéim tacaíochta ábhartha. Dá bhrí sin, tá bealaí éagsúla ag na Ballstáit chun cuntas a thabhairt ar leictreachas tacaíthe agus, go ginearálta, bealaí éagsúla chun a gcórais GO a shocrú.

Bunaithe ar an tuarascáil um chúnaimh teicniúil²³, eisióinn roinnt Ballstát GOanna freisin maidir le fuinneamh in-athnuaite tacaíthe. Is amhlaidh an cás don Ghréig, don Fhionlainn, don Ísiltír, don tSeicia, don Eastóin, don Chipir, don Liotuáin, don Pholainn agus don Rómáin. Mar shampla, sa Chipir 'tá eisiúint GOnna chuig táirgeoirí FIF neamhspleách ar aon tacaíocht a fhaightear, e.g. tacaíocht infheistíochta nó scéimeanna préimhe ar sholáthar leictreachais. Mar sin beidh ioncam ó GOnna ina bhuntáiste breise do tháirgeoirí. Ní mór do tháirgeoirí faomhadh a fháil ón gCiste FIF chun GOnna a thrádáil'.

²¹ Ba iad na huchtóirí luatha in 2011 an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.

²² Foinse bhunaidh sonraí, staidreamh AIB <https://www.aib-net.org/facts/market-information/statistics>. Bailithe agus anailísithe ag Guidehouse.

²³ Tuarascáil cúnaimh teicniúil 'Measúnú ar thuarascálacha na mBallstát don bhliain 2020' [DOI 10.2833/12592] le Guidehouse Germany GmbH, arna fhoilsiú an 7 Deireadh Fómhair 2022. Tá an staidéar ar conradh ag an gCoimisiún Eorpach.

Is é an dara cur chuige GONna a eisiúint chuig leictreachas tacaíthe, nó GONna a eisiúint ach iad a chur ar ceal láithreach. An Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, Éire, Málta, an Ostair, agus an tSlóivéin. San Ostair mar shampla, eisítear GONna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite tacaíthe agus neamhthacaíthe, ach ní féidir ach na GONna ó ghléasraí fuinnimh in-athnuaite neamhthacaíthe a thrádáil go hidirnáisiúnta, ach ní mór GONna a fhaigheann tacaíocht a úsáid chun críocha nochtadh na hOstaire²⁴.

Ar an tríú dul síos, is féidir le Ballstáit rogha a dhéanamh go n-eiseofar GONna chuig fuinneamh in-athnuaite tacaíthe ach cuirtear na GOanna sin ar ceant go lárnach chun na costais tacaíochta a chúiteamh. Sa chatagóir seo faighimid an Iodáil, Lucsamburg, an Fhrainc, an Phortaingéil, an Chróit, an tSlóvaic agus an Ungáir. Mar shampla, san Iodáil, tá GONna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite tacaíthe ar ceant ó 2013 i leith. Úsáidtear an t-ioncam fabhráithe ó na ceantanna chun costas an fhuinnimh in-athnuaite tacaíthe a chúiteamh.

4.4.3. Simpliú na nósanna imeachta riaracháin

Bunaíodh ceanglais le RED II ar na Ballstáit nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú agus a shimpliú. Cé nár ghá RED II a thrasú ach faoin 30 Meitheamh 2021, bhí roinnt beart simpliúcháin den sórt sin i bhfeidhm cheana féin ag roinnt Ballstát in 2020 nó roimhe sin.

De réir a dtuairiscithe, tá cur chuige **ionad ilfhreastail nó pointe teagmhála náisiúnta** de chineál éigin bunaithe ag 10 mBallstát. Mar shampla san Fhionlainn, tá an Lárionad um Fhorbairt Eacnamaíoch, Iompar agus Comhshaoil (Lárionad ELY) in Ostrobothnia Theas ainmnithe mar phointe teagmhála don phróiseas deonaithe ceadanna don chríoch iomlán in 2020. Treoróidh agus éascóidh na pointí teagmhála sin, ar iarraidh sin ón iarrthóir, an próiseas iomlán riaracháin maidir le hiarratas ar chead a dhéanamh agus maidir le cead a dheonú. Ní cheanglófar ar an iarratasóir teagmháil a dhéanamh le níos mó ná pointe teagmhála amháin don phróiseas ar fad. Cumhdóidh an próiseas iarrata agus deonaithe ceadanna na ceadanna ábhartha riaracháin chun gléasraí chun fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite agus na sócmhainní a bheidh riachtanach lena gceangal leis an eangach a thógáil, a athchumhachtú agus a oibriú²⁵.

I gcúpla cás is cúis le heaspa freagra an lucht riaracháin faoi spriodhata ná **ceadanna a cheadú go huathoibríoch**. Mar shampla, tá rialacha curtha i bhfeidhm ag an Ísiltír maidir le ceadanna do ghnéithe fisiceacha ag rá gurb é ‘8 seachtaine an spriodhata don phróiseas cinnteoireachta faoin nós imeachta caighdeánach, agus féadfar síneadh 6 seachtaine eile ar a mhéad a chur leis uair amháin. Eiseofar cead go huathoibríoch mar thoradh ar spriodhata caillte (faoi phrionsabal *lex silencio positivo*)²⁶.

Tá **bearta pleanála spásúla** fuinnimh in-athnuaite ar leith curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát, amhail léarscáileanna a léiríonn réimsí ina bhféadfaí FIF a fhorbairt. Is féidir le pleanáil

²⁴ <https://www.aib-net.org/facts/national-datasheets-gos-and-disclosure>.

²⁵ <https://www.finlex.fi/fi/laki/alkup/2019/20190126>.

²⁶ <https://www.eclareon.com/de/projects/res-simplify>.

spásúlachta den sórt sin cabhrú le cur i gcoinne ó phobail áitiúla agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanas talún. Mar shampla, d'fhorbair an Spáinn dhá léarscáil le haghaidh cumhacht ghaoithe agus ghréine, ina n-aimítear talamh i 5 aicme íogaireachta comhshaoil do gach cineál tionscadail a ndéantar anailís air (uasmhéid, an-ard, ard, measartha agus íseal). Mar sin féin, níl sna léarscáileanna ach cinn fhaisnéiseacha agus ní thagann siad in ionad na gcéimeanna riaracháin is gá, amhail an gá atá le Measúnú Tionchair Timpeallachta²⁷.

Tá an staid maidir le nósanna imeachta **iarratais ar líne** agus maidir le doiciméid a dhigitíú measctha ar fud an Aontais. Cé go bhfuil nósanna imeachta iontaofa leathana ar líne á dtairiscint ag roinnt Ballstát cheana féin, níor thosaigh formhór na mBallstát ag tabhairt isteach níos mó uirlisí digiteacha chun an próiseas a éascú.

Tá an chuid is mó de na Ballstáit tar éis **simpliú de chineál éigin a chur i bhfeidhm do thionscadail mhionscála**, amhail PV gréine atá suiteáilte ar bharr na ndíonta chun pobail féintomhaltais agus fuinnimh a éascú. Ina theannta sin, ghlac 15 Bhallstát nós imeachta um fhógra simplithe maidir le naisc eangaí de shuiteálacha mionscála.

4.5. Samplaí de dheachleachtas

Ag féachaint ar na Ballstáit rathúla, is féidir roinnt ceachtanna a fhoghlaim do na deich mbliana atá le teacht:

- Tugann comhthéacs **polaitiúil** seasmhach, lena mbaineann intuarthacht scéimeanna tacaíochta, sceidil ceant agus buiséad atá ar fáil, intuarthacht infheistíochta do pháirtithe leasmhara.
- **Tá sé rithábhachtach freisin praghas a chur ar charbón** agus ar thruailliú de bhreis ar CTA AE ionas gur féidir le fuinneamh in-athnuaite dul san iomaíocht ar comhchéim. Thug an tSualainn isteach mar an tír ag a bhfuil an sciar FIF is airde san iompar le beagnach 32% cáin charbóin in 1991 cheana féin. Chomh maith leis sin toibhíonn an Liotuáin cáin ghinearálta ar thruailliú comhshaoil le díolúine maidir le húsáid bithgháis, bithmhais sholadach agus leachtach le haghaidh úsáidí téimh. Is mar gheall ar sin, mar aon le bearta tacaíochta eile, e.g. maidir le bithghás, go bhfuil sciar ard d'fhuinneamh in-athnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe (50.4% in 2020).
- **Tá nósanna imeachta mearcheadaithe**, lena n-áirítear na cinn atá leagtha amach in RED II agus togra REPowerEU chun RED a leasú, rithábhachtach chun úsáid fuinneamh in-athnuaite a bhrostú go dtí na leibhéil is gá chun sprioc leasaithe 2030 a bhaint amach agus, dá bhrí sin, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú. **Is gné thábhachtach amháin iad pointí teagmhála aonair** le haghaidh tionscnóirí tionscadail chun nósanna imeachta riaracháin a éascú agus a bhrostú²⁸. Mar shampla, san Ísiltír is

²⁷ <https://www.eclareon.com/en/projects/res-simplify>.

²⁸ Faoi RED II, tá sé seo ina oibleagáid anois ar gach Ballstát.

féidir eochaircheadanna a chur le chéile tar éis cur chuige aonaid ilfhreastail ar a dtugtar ‘Cead Ilfhreastail do Ghnéithe Fisiciúla’²⁹. Is trí ardán ar líne a dhéantar an t-ionad ilfhreastail agus níl ach aon údarás freagrach amháin i gceist. Ar an taobh eile, mar atá molta ag an gCoimisiún Eorpach sa phlean REPowerEU, ba cheart do na Ballstáit **‘limistéar rochtana’ tiomnaithe a ainmniú do FIF** le próisis cheadúnaithe giorraithe agus simplithe³⁰. Tá bearta comhchosúla i bhfeidhm ag roinnt Ballstát, amhail léarscáileanna a thaispeánann réimsí ina bhféadfaí FIF a fhorbairt, ach le héifeacht teoranta toisc nach bhfuil siad nasctha le creat rialála tiomnaithe as a dtiocfaidh deonú ceadanna níos tapúla. Mar shampla, d’fhoilsigh rialtas náisiúnta na Spáinne dhá léarscáil le haghaidh cumhacht ghaoithe agus ghréine, a thaispeánann an chríoch agus í aicmnithe i gcúig aicme íogaireachta comhshaoil do gach cineál tionscadail a ndearnadh anailís orthu (uasmhéid, an-ard, ard, measartha agus íseal). Tá tuilleadh samplaí de dhea-chleachtais sa réimse seo le fáil sa treoir ón gCoimisiún maidir le dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceada do thionscadail fuinnimh in-athnuaite.

- Tá sé ríthábhachtach **glacadh an phobail** le beartais agus tionscadail fuinnimh a mhéadú chun aistriú fuinnimh rathúil agus marthanach a áirithiú. Áirítear leis sin rannpháirtíocht luath na saoránach agus b’fhéidir dreasachtaí airgeadais freisin ar nós na gceann a cruthaíodh sa Danmhairg, mar shampla³¹. Soláthraíonn an treoir thuasluaite samplaí breise.
- Féadfaidh úsáid bithbhreoslaí³² dramhaílbhunaithe cuidiú ar bhealach inbhuanaithe le **hiompar a dhíchárbónú**, go háirithe i modhanna ar deacair iad a leictriú, mar aon le Breoslaí In-athnuaite de Bhunadh Neamh-Bhitheolaíoch. Leagtar síos in RED II sprioc 3.5 % faoi 2030 don sciar de bhithbhreoslaí forbartha. Ó 2016 i leith, méadaíodh ídiú AE faoi dhó go 1 224 ktoe in 2020. Is í an tSualainn an phríomh-Bhallstát san aistriú seo le sciar 3.6% d’Iarscríbhinn IX A, ansin an Eastóin, an Fhionlainn, an Iodáil agus an Ísiltír, a bhí go léir os cionn 1% in 2020.
- Cé go mbíonn méadú suntasach ar úsáid foinsí in-athnuaite fadálach de ghnáth, **is féidir le gníomhaíochtaí beartais tiomnaithe torthaí tapa a thabhairt**. Mar shampla, in 2020, ní raibh ach feirm ghaoithe amháin faoi úinéireacht pobail in Éirinn. Ó shin i leith, tá gníomhaíochtaí dírithe ar fhuinneamh pobail déanta aici atá á stiúradh ag an Scéim Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite agus ag an gCreat Cumasúcháin Pobail, agus mar thoradh air sin cuireadh i bhfeidhm go rathúil 17 dtionscadal nua pobail fuinnimh atá ag baint tairbhe as tacaíocht ceann go ceann (tacaíocht airgeadais agus seirbhísí fothaithe

²⁹ <https://www.eclareon.com/en/projects/res-simplify>.

³⁰ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_22_3131.

³¹ Cuimsíonn an scéim scéim chúitimh do shaoránaigh a bhfuil laghdú tagtha ar luach maoinne de bharr feirm ghaoithe a shuiteáil; scéim leasa pobail chun tionscadail athchóirithe dúlra áitiúla a chur chun cinn nó chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh phoiblí; agus an fhéidearthacht comh-úinéireachta, trína féidir le saoránaigh áitiúla scaireanna a cheannach ó thionscadal fuinnimh gaoithe, féach http://aures2project.eu/wp-content/uploads/2019/12/AURES_II_case_study_Denmark.pdf.

³² Bunábhar a áirítear in Iarscríbhinn IX den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

acmhainní) lena n-áirítear chun an tionscadal a fhorbairt agus a oibriú. I measc na ngníomhaíochtaí tá ceant tiomnaithe don phobal le haghaidh tacaíocht oibríochtúil, bunú ciste pobail fuinnimh, agus próiseas tiomnaithe bliantúil um nascadh leis an eangach.

5. CONCLUÍD

Trí spriocanna 2020 a bhaint amach ar leibhéal AE agus do gach Ballstát ach ceann amháin, d'éirigh leis an gcreat RED I an méadú atá beartaithe ar ídiú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach. Is léir, áfach, chun an sprioc nua REPowerEU 45% atá molta ag an gCoimisiún a bhaint amach, go mbeidh gá le méadú géar ar imlonnú an fhuinnimh in-athnuaite - beagnach faoi thrí den mheánmhéadú bliantúil de 0.8 pointe céatadán le deich mbliana anuas.

Tá trasuí práinneach agus iomlán na Treorach maidir le hÚsáid Fuinnimh RED II 2018 rithábachtach chun go go n-éireoidh leis an aistriú fuinnimh, ós rud é go leagtar síos inti an bunús le haghaidh rolladh amach níos leithne FIF. Tá an Coimisiún ag seiceáil trasuí faoi láthair agus tá nósanna imeachta sáraithe seolta aige i gcoinne na mBallstát go léir, atá ag céimeanna éagsúla. Ina theannta sin, beidh glacadh agus cur chun feidhme an athbhreithnithe ar RED II - agus na mbeart earnála a ghabhann leis - rithábachtach chun sprioc a bhaint amach in 2030. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 bacainní suntasacha ar imlonnú rathúil FIF a bhaint trí nósanna imeachta deonaithe ceadanna a shimplíú agus a ghiorrú. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an togra a ghlacadh faoi dheireadh 2022 ionas gur féidir leis teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh ina ndríchtaí nuashonraithe PNFA, dá bhforáiltear do rannchuidiú náisiúnta 2023 i gcomhréir leis an sprioc 45% don Aontas ina iomláine arna moladh ag an gCoimisiún.

Tá sé róluath fós réamhaisnéisí a dhéanamh maidir le sprioc 2030 a d'fhéadfadh a bheith ann don Aontas ina iomláine nó do Bhallstáit aonair. Tugtar le fios leis na chéad mheastacháin nár tháinig ach méadú beag (22.2-22.4%) ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite ar fud an Aontais in 2021, rud a léiríonn go raibh an fás ar an ídiú fuinnimh in-athnuaite thart ar an leibhéal céanna leis an bhfás ar an ídiú fuinnimh deiridh a bhaineann leis an téarnamh eacnamaíoch nuair a maolaíodh nó nuair a cuireadh deireadh le bearta COVID³³.

Ar an iomlán, d'fhéadfaí roinnt forbairtí dearfacha a thabhairt faoi deara i roinnt earnálacha le déanaí, rud a léiríonn go bhfuil úsáid fuinnimh in-athnuaite ag dul chun cinn. Tugtar le fios le comharthaí luatha go mbeidh 2022 ina bhliain cheiliúrtha don mhargadh fótavoltais Eorpach le fás bliantúil sna margáí is mó san Aontas idir 17% agus 26%³⁴. San earnáil iompair, léirítear sa tuarascáil ráithiúil is déanaí fás 53% bliain ar bhliain ar fheithiclí leictreacha cadhnra³⁵. San earnáil foirgneamh, taispeántar sna tuarascálacha is déanaí ar an margadh gur tháinig laghdú tapa

³³ Is féidir meastacháin nach bhfuil bailíochtaithe ag an gCoimisiún a fháil i dTuarascáil LEE Uimh 10/2022 (<https://www.eea.europa.eu/publications/trends-and-projections-in-europe-2022>) agus i bPreasráiteas Euroobserver 'meastacháin scaireanna FIF 2021' (<https://www.euroserv-er.org/download-press-releases/>).

³⁴ [Ionchas sa Mhargadh Domhanda le haghaidh Chumhacht na Gréine 2022 -2026 - Cumhacht na Gréine san Eoraip.](#)

³⁵ [quarterly report on european electricity markets q1 2022.pdf \(europa.eu\).](#)

ar dhíolacháin na gcaidéal teasa aeir go haer ar an leibhéal Eorpach in 2021, agus méadú 34% air sin³⁶. San Fhionlainn, díoladh 75,000 teaschaidéal le linn na chéad sé mhí de 2022, méadú 80% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh³⁷. San earnáil tionscail, bhain an líon b'airde riamh maidir le comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite corparáideacha (PPAanna) le 2021 agus síníodh thart ar 6.7 GW de chonarthaí nua³⁸.

Tá gealltanais uailmhianacha déanta cheana féin ag roinnt Ballstát faoi 2030, amhail i dtaca le sciar 80% de leictreachas FIF sa Ghearmáin agus fiú 100 % san Ostair agus san Eastóin. Thug an Phortaingéil a sprioc 80% de leictreachais FIF ar aghaidh ceithre bliana go 2026 cheana féin. Ina theannta sin, mhéadaigh an Ísiltír beagnach dhá oiread a sprioc amach ón gcósta 2030 11.5 GW go 21 GW.

³⁶ [2021 heat pump market data launch.pdf \(ehpa.eu\)](#).

³⁷ <https://www.sulpu.fi/record-high-sales-growth-of-80-recorded-for-heat-pumps-in-the-first-six-months-of-the-year-in-finland/>.

³⁸(SWD (2022) 149 final).